Amhráin agus Rannta N. Bheaga

Sín do lámha

Sín do lámha suas thar do cheann,
Cas thart timpeall uair amháin,
Déan luascadh beag anonn is anall,
Is síos le do lámha síos go mall.

Róisín ag dul ar scoil

Tá Róisín beag ag dul ar scoil,
Ag dul ar scoil, ag dul ar scoil,
Tá Róisín beag ag dul ar scoil,
Is a mála ar a droim.

Ina mála tá cóipleabhar,
Tá cóipleabhar, tá cóipleabhar,
Ina mála tá cóipleabhar,
Peann luaidhe agus criáin.

Istigh sa scoil tá múinteoir,
Tá múinteoir, tá múinteoir,
Istigh sa scoil tá múinteoir,
"Dia is Muire duit, a Róisín".

Ina rang tá buachaill nua,
Tá buachaill nua, tá buachaill nua,
Ina a rang tá buachaill nua,
Cara nua do Róisín.

Is mise an madra

Is mise an madra,
Bhuf, bhuf, bhuf!
Is mise an cearc,
Tiuc, tiuc, tiuc!
Is mise an bhó,
Mú, mú, mú!
Is mise an coileach,
Coc-a-dúdal-dú!

Gugalaí-Gug

Gugalaí-gug , mo chircín dubh,
Suíonn sí síos is beireann sí ubh,
Ubh inné, ubh inniu,
Gugalaí-gug, mo chircín dubh.

Caithfidh mé

Caithfidh mé mo mhála a fháil,
Mo mhála a fháil, mo mhála a fháil,
Caithfidh mé mo mhála a fháil,
Táim ag dul ar scoil.

Caithfidh mé mo leabhar a fháil,
Mo leabhar a fháil, mo leabhar a fháil,
Caithfidh mé mo leabhar a fháil,
Táim ag dul ar scoil.

Caithfidh mé mo lón a fháil,
Mo lón a fháil, mo lón a fháil,
Caithfidh mé mo lón a fháil,
Táim ag dul ar scoil.

Sicín beag a chuaigh amú

Sicín beag a chuaigh amú,
Bhí mamí bocht ag gol "Bú hú",
Tháinig Seán is fuair sé é,
Thug sé ar ais do mhamaí é.

Há há há, hí hí hí,
Sicín beag is é na luí (x2).

Lámh, lámh eile

Lámh, lámh eile, a haon, a dó,
Cos, cos eile, a haon, a dó,
Súil, súil eile, a haon, a dó,
Cluas, cluas eile, a haon, a dó.
Ceann, srón, béal is smig,
Is fiacla bána im'bhéal istigh.

Amhráin agus Rannta N. Bheaga

Tá teidí ag siúl

V1 Tá teidí ag siúl,
Tá teidí ag siúl,
Hé, hó mo Dhaidí ó,
Tá teidí ag siúl.
V2 Tá teidí ag rith, etc.
V3 Tá teidí ag titim, etc.
V4 Tá teidí ag gol, etc.
V5 Tá teidí ag gáirí, etc.

Is féidir liom

Is féidir liom rith,
Is féidir liom suí,
Is féidir liom léim,
Is féidir liom luí.

Is féidir liom ithe,
Is féidir liom ól,
Ach ní féidir liom
Tiomáint go fóil.

Oíche Shamhna

Oíche Shamhna (x2),
Báirín Breac (x2).
Úlla agus cnónna (x2).
Is maith liom iad (x2).

Táimse anois ag tógáil tí

Táimse anois ag tógáil tí,
Ag tógáil tí,
Ag tógáil tí.
Táimse anois, ag tógáil tí,
Dí aidil aidil éró.

Cnag ar an nDoras

Cnag ar an ndoras, Is féach isteach,
Bain díot do hata, Is siúl isteach,
Suigh ar an stól, Is bí ag ól,
Is conas atá tú ar maidin?

Cúigear fear

Cúigear fear ag tógáil tí,
Ag tógáil tí,
Ag tógáil tí,
Cúigear fear ag tógáil tí -
Shuigh fear síos is lig sé scith!

Ceathrar fear ag tógáil tí, etc.
Triúr fear ag tógáil tí, etc.
Beirt fhear ag tógáil tí, etc.
Fear amhán ag tógáil tí, etc.

Mo thigh

Féach ar mo thigh,
Nach deas é!
Féach ar an ndíon,
Is ar an simné.
Tá na fallaí bán,]
Tá an doras buí.
Cé mhéad fuinneog ann?
A haon, a dó, a trí.

Nach mise an cailín maith?

Chuir mé orm mo chóta,
Chuir mé orm mo chóta,
Chuir mé orm mo chóta,
Nach mise atá go deas!

Bhain mé díom mo chóta,
Bhain mé díom mo chóta,
Bhain mé díom mo chóta,
Nach mise atá go deas!

Chroch mé suas mo chóta,
Chroch mé suas mo chóta,
Chroch mé suas mo chóta,
Nach mise an cailín maith!

Amhráin agus Rannta N. Bheaga

Tá an Geimhreadh ann!

Tá lámhainní ar mo lámh,
Tá caipín ar mo cheann,
Tá buataisí ar mo chosa,
Ó, tá an geimhreadh ann!

Céard 'tá ar do lámha?
Céard 'tá ar do cheann?
Céard 'tá ar do chosa?
Ó, tá an geimhreadh ann.

Tá lámhainní ar mo lámh,
Tá caipín ar mo cheann,
Tá buataisí ar mo chosa,
Ó, tá an geimhreadh ann!

Éadaí Nóirín

Tá éadaí ag Nóirín,
Éadaí an-deas,
Éadaí don bháisteach,
Éadaí don teas.
Tá éadaí ag Nóirín,
Éadaí an-deas,
'Bhfuil siad ceart don lá inniu?
Céard é do mheas?

An maith leat?

An maith leat pizza?
An maith leat ubh?
An maith leat burgar?
An maith leat subh?

An maith leat milseáin?
An maith leat prátaí?
An maith leat brioscáin?
An maith leat cácaí?

Bualadh Bos

Bualadh bos, bualadh bos
Bualadh bos go léir,
Tá Daidí na Nollag ag teacht anocht,
Anuas an simléar,

Ó, bualadh....

An Tarracóir

Bím ag imirt leis an tarracóir,
Agus leis an gcairrín buí,
Bím ag imirt leis an tarracóir,
Agus leis an mbus mór groí.

Ach is fearr liom féin an tarracóir,
Ná an bus ná an cairrín buí,
Is fearr liom go mór an tarracóir,
Níl aon amhras faoi.

An Bricfeasta

Ithim leite,
Ithim ubh,
Ólaim tae,
Is maith liom subh.

Bainne ar an leite,
Im ar an arán,
Siúcra ar dtae,
Agus bímse lán.

Ar an teilifís

Bhí buachaill ar an teilifís, teilifís, teilifís,
Bhí buachaill ar an teilifís,
Bhí nuacht aige dúinn.

Bhí cailín ar an teilifís, teilifís, teilifís,
Bhí cailín ar an teilifís,
Bhí nuacht aici dúinn.

Amhráin agus Rannta N. Bheaga

Micilín Muc

Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá,
Ar an aonach lá, ar an aonach lá,
Chuaigh Micilín Muc ar a aonach lá,
Haigh, hó, Micilín Muc.

Cheannaigh sé hata le cur ar a cheann,
Le cur ar a cheann, le cur ar a cheann,
Cheannaigh sé hata le cur ar a cheann,
Haigh, hó, Micilín Muc.

Tháinigh sé abhaile le hais na habhain, etc.

Scior sé a chos is thit sé isteach, etc.

Beir ar a chluais is tarraing é amach.